**RABHADH**

**Ná déan dearmad an chuid seo a chur ar ais le do leabhrán freagraí. Mura ndéanann tú sin, caillfidh tú marcanna.**

Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001**

# TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 1 - FILLTEÁN

DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH - IARNÓIN, 1.30 go 3.30

**N.B. TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ SEO AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH.**

**ROINN 1 (60 MARC)**
Ní mór **GACH** ceist a fhreagairt.
Tá rogha agat **I GCEITHRE** cheist.
Déan deimhin de an fillteán seo a thabhairt ar ais in éineacht le do leabhrán freagraí.
Mura ndéanfaidh tú sin, caillfidh tú marcanna.

**1.** **<u>Carraigeacha</u>**

Is sampla de bhruthcharraig sa liosta seo thíos:

Eibhear ☐


Aolchloch ☐

Gaineamhchloch ☐

Gual ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**2.** **<u>Tomhas aimsire</u>**




Is éard atá san ionstraim sa léaráid seo:

Griantaifeadán ☐

Ainéimiméadar ☐

Teirmiméadar ☐

Eite ghaoithe ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**3.** **Feachtanna Aigéin**

Roghnaigh an feacht aigéin **fuar** ón liosta feachtanna seo a ghluaiseann san Aigéan Atlantach Thuaidh:

Sruth na Murascaille ☐

An Feacht Meánchriosach Thuaidh ☐

Feacht Labradair ☐

Síobadh Mór an Atlantaigh Thuaidh ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**4.** Freagair **4a NÓ 4b**

**4a.** **Ithreacha**

Ciallaíonn **Láisteadh** san ithir:

Galú aníos mianraí ☐

Scuabáil síos mianraí le huisce ☐


Mianraí á gcur leis an ithir ☐

Fásra marbh á bhriseadh síos ag baictéir ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**NÓ**

**4b.** **Fásra Nádúrtha**



Tá crainn cosúil leis an gceann sa léaráid le fáil i:

Foraoiseacha méanchriosacha ☐

Tailte sabhána ☐


Foraoiseacha duillsilteacha measartha ☐

Foraoiseacha buaircíní tuaisceartacha ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**5.** **Bolcáin**

Is éard a thugtar ar an **log** i mbarr bolcáin mar atá léirithe anseo:



Cráitéar ☐

Basalt ☐

Craos ☐

Sreabh laibhe ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**6.** **Uisce**

Ciallaíonn **uisciúchán**:

Ag tabhairt uisce go talamh tirim ☐

Draenáil uisce ó thalamh fliuch ☐

Ag cosaint an chósta ☐

Úsáid aibhneacha i gcomhair iompair ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**7.** **Truailliú Aeir**

Is é is príomhcúis le **Báisteach Aigéadach**:

Uisce báistí ag meascadh le hocsaigin ☐

Leasachán á úsáid ag feirmeoirí ☐

An iomarca crann á saothrú ☐

Breoslaí iontaiseacha á ndó ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**8.** Freagair **8a NÓ 8b**

**8a. <u>Sil-leagan oighreach</u>**

Is í an ghné atá sa léaráid a chruthaigh sil-leagan oighreach:


Droimnín ☐

Deilt ☐

Eiscir ☐

Tuilemhá ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]




**NÓ**

**8b. <u>Sil-leagan cósta</u>**

Is í an ghné a chruthaigh sil-leagan cósta, atá marcáilte le '**X**' sa léaráid:


Lúb ☐

Gob ☐

Glár ☐


Aill ☐

[ cuir tic ✓ sa bhosca ceart]



**9.** Freagair **9a NÓ 9b**

Féach ar an **nGraf Teochta agus Báistí**




## 9a. <u>Staitistic</u>

Cé acu de na ráitis seo a leanas a chuireann síos ar aeráid na háite mar a léiríonn an graf:

Samhraí te, báisteach ar feadh na bliana ☐

Samhraí te, báisteach san earrach amháin ☐

Samhraí te, an chuid is mó báistí sa samhradh ☐

Samhraí te, an chuid is mó báistí sa gheimhreadh ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**NÓ**

## 9b. <u>Cineál Aeráide</u>

Is é an cineál aeráide a léiríonn an graf thuas:

Aeráid Mheánmhuirí ☐

Aeráid Sabhána ☐

Aeráid Fhásaigh ☐

Aeráid Tundra ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**10.** **<u>Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha</u>**

Baineann ceann díobh seo a leanas le gníomhaíocht **Threasach (Seirbhís)** den eacnamaíocht:

Mianadóireacht ☐

Iascaireacht ☐

Múinteoireacht ☐

Déantús ríomhairí ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**11.** **<u>Fótagraf</u>** Féach ar an bhfótagraf a fuair tú.

Is é an bealach is fearr le cur síos ar úsáid an talamh feirme atá i gcúlionad an aerfótagraf:

Feirmeoireacht arúil amháin ☐

Feirmeoireacht mheasctha ☐


Feirmeoireacht thréadach amháin ☐

Foraoiseacht ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

## 12. Daonra

Féach ar an bpirimid aoise is ghnéis:




Léiríonn an phirimid seo daonra

**TÍR FHORBARTHA** nó **TÍR I MBÉAL FORBARTHA**

[ciorclaigh an freagra ceart]


## 13. Luacha Thalamh Cathrach

I gcathracha móra cosúil le Baile Átha Cliath, Londain agus Nua Eabhrac bíonn an talamh níos costasaí;

- Ar eastáit thionsclaíocha ☐
- Ar imeall na cathrach ☐
- I lár na cathrach ☐
- Ar fhearann páirce ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

## 14. **Pí-Ghraf**




Féach ar an bpí-ghraf a léiríonn úsáid talamh feirme in Éirinn:
Baintear úsáid as 20% (aon chúigiú) den talamh i gcomhair:

| | |
|---|---|
| Féarach | ☐ |
| Féar tirim | ☐ |
| Gránbharra | ☐ |
| Barra eile | ☐ |

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

## 15. **Trádáil agus Cúnamh**




Féach ar an gcartún seo. Cé acu de na ráitis seo atá ceart go hiomlán, de réir na **bhfógraí i bhfuinneog an tsiopa**?

Tae ón Mhalaeisia agus cadás ón Ind ☐

Stán ón Nigéir agus copar ón tSile ☐

Bananaí ó Iamáice agus cadás ón Ind ☐

Caife ón tSile agus báicsít ó Iamáice ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

## 16. **Trádáil agus Cúnamh**

Féach arís ar an gcartún thuas.

Is é teachtaireacht an chartúin seo ná:

Ní allmhairíonn an Eoraip bia ☐

Allmhairímid stán ón gCéinia ☐


Braitheann tíortha ar a chéile ☐

Ba cheart cúnamh a thabhairt le freastal ar éigeandálaí amháin ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**17.** **Méid Bia**

Scrúdaigh an graf seo a léiríonn líon na gcalraí a theastaíonn gach lá ó dhaoine éagsúla.
Is é **meánriachtanas an duine fhásta** ná:




2,700 calra ☐

3,500 calra ☐

3,000 calra ☐

2,400 calra ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**18.** **Suirbhéireacht Ordanáis**

Scrúdaigh léarscail na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a fuair tú.

Tá **galláin** ag tagairt eangaí:

**N** 993 947 ☐

**N** 956 852 ☐

**N** 948 873 ☐

**N** 953 956 ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**19.** **<u>Suirbhéireacht Ordanáis</u>**

Is í an spotairde ag **N** 956 852:

85 mhéadar ☐

95 mhéadar ☐

170 mhéadar ☐

184 mhéadar ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**20.** Freagair **20a NÓ 20b**

**20a. <u>Suirbhéireacht Ordanáis</u>**

Is cosúil gur tugadh **Baile an Phortaigh** ar an áit ag **N** 97 94 toisc:

Go bhfuil sé ard agus go bhfuil bratphortach ann ☐

Go bhfuil sé cothrom, íseal agus riascach is cosúil ☐

Go bhfuil móinstáisiún leictreachais ann ☐

Go léirítear limistéar mór faoi fhoirgnimh ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**NÓ**

**20b. <u>Suirbhéireacht Ordanáis</u>**

Téann an bóthar R171 **ó** Bhaile Átha Fhirdia (**N** 96 91) go mór mór sa treo:

Ó thuaidh ☐

Soir ó thuaidh ☐

Siar ó thuaidh ☐

Ó dheas ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001

# TÍREOLAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 2

**DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH - IARNÓIN, 1.30 GO 3.30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo ar fhillteán ar leithligh mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.


**N.B. CUIMHNIGH LE DO THOIL GO GCAITHFEAR AN FILLTEÁN A THABHAIRT AR AIS LE DO LEABHRÁN FREAGRAÍ.**


**ROINN 2 ( 90 MARC)**

Freagair **TRÍ** cheist.

Gabhann na marcanna céanna le gach ceist.

1. **AIBHNEACHA**




**A.** Bain úsáid as ceann de na léaráidí thuas agus mínigh conas a cruthaíodh **easa NÓ lúblocha**. [6]

**B.** (i) Ainmnigh agus déan cur síos ar **DHÁ CHEANN** de na húsáidí a bhaineann daoine as aibhneacha.

(ii) Ainmnigh agus déan cur síos ar bhealach **AMHÁIN** ina gcruthaíonn aibhneacha fadhbanna do dhaoine. [12]

**C.** Scrúdaigh an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair a cuireadh ar fáil.

Tarraing sracléarscáil den limistéar atá léirithe ar an léarscáil.

Marcáil uirthi **agus** sainaithin

- an Níth
- craobhabhainn ainmnithe den Níth
- Baile Átha Fhirdhia
- caisleán in aice na habhann
- príomhbhóthar i mBaile Átha Fhirdhia a thrasnaíonn an Níth [12]

(Déan deimhin de go gcuireann tú fráma, teideal nó barr agus saighead treo ar do sracléarscáil.)

## 2. <u>MEASCÁN GEOGRAFACH</u>

**Freagair <u>AON</u> TRÍ CINN de na ceisteanna: A, B, C, D.**

### A. TURASÓIREACHT

'Is í an aeráid a mheallann Éireannaigh ar a laethanta saoire go dtí limistéir thurasóireachta in ann cuid tíortha Eorpacha.'

(i) Ainmnigh limistéar turasóireachta **AMHÁIN** den chineál sin a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Mínigh cén fáth go meallann an aeráid turasóirí.

(iii) Tabhair cúis **AMHÁIN** <u>eile</u> faoi go bhfuil tábhacht don turasóireacht ag baint leis an limistéar atá roghnaithe agat.

[10]

### B. BRÚ TRÁCHTA

(i) Tabhair **DHÁ** chúis faoi go dtarlaíonn brú tráchta chomh minic sin inár mbailte agus inár gcathracha.

(ii) Tabhair cuntas gearr ar **DHÁ** mhodh ar baineadh úsáid astu chun an brú seo a laghdú.

[10]

### C. DLÚS DAONRA

Roghnaigh tír Eorpach a bhfuil staidéar déanta agat uirthi (Éire, an tSualainn, an Iodáil, mar shampla).

(i) Ainmnigh an tír atá roghnaithe agat.

(ii) Ainmnigh limistéar **AMHÁIN** di ina bhfuil dlúthdhaonra.

(iii) Ainmnigh limistéar **AMHÁIN** di ina bhfuil daonra gann (tearc).

(iv) Tabhair **DHÁ** chúis faoi go bhfuil níos mó daoine sa limistéar ina bhfuil dlúthdhaonra ná mar atá sa limistéar ina bhfuil daonra gann.

[10]

### D. TÍORTHA I MBÉAL FORBARTHA

Samhlaigh go bhfuil tú ar cuairt i sráidbhaile Afraiceach le gníomhaireacht chúnaimh ar nós GOAL.

Scríobh litir chuig cara agus déan cur síos gearr inti ar **CÚIG** rud atá éagsúil ó rudaí sa bhaile.

[10]

**3.** Léigh an ceannlíne nuachtáin agus freagair na ceisteanna thíos:

| |
|---|
| **'BREIS IS 50 MARBH TOISC GUR BHUAIL SCIORRADH TALÚN BAILE SEANTÁN SAN IND'** |

**A.** Cad is sciorradh talún ann? Mínigh conas a tharlaíonn sé. [8]

**B.** (i) Mínigh **DHÁ** dhifríocht idir bailte seantán agus bailte eile.

(ii) Mínigh go gearr cén fáth go maródh sciorradh talún an oiread sin daoine i mbaile seantán. [12]

**C.** Is é an fáth go mbíonn daonra mór i mbaile seantán toisc go dtéann daoine ón tuath chun cónaithe ann.
Mínigh cén fáth go bhfágann daoine mar sin na ceantair thuaithe agus cén fáth go mealltar isteach sna cathracha iad. [10]

**4.** **<u>AERFÓTAGRAF</u>**

Scrúdaigh an fótagraf de Bhaile Átha Fhirdhia.

**A.** Tarraing sracléarscáil den limistéar iomlán atá léirithe ar an bhfótagraf.
Marcáil uirthi agus sainaithin

- dhá bhóthar cheangail
- séipéal
- sraith tithe
- grúpa crann
- caisléan

[12]

**B.** Samhlaigh gur moladh ionad siopadóireachta nua a thógáil ar shuíomh an chlóis adhmaid atá sa réamhionad láir den fhótagraf.

(i) Mínigh fáth **AMHÁIN** faoi go bhféadfadh daoine áirithe a bheith i bhfábhar an tsuímh seo.

(ii) Mínigh fáth **AMHÁIN** faoi go bhféadfadh daoine áirithe a bheith in aghaidh an tsuímh seo. [10]

**C.** (i) Cén t-am den bhliain a tógadh an pictiúr seo?

(ii) Bain úsáid as fianaise ón bhfótagraf chun cúis **AMHÁIN** le do fhreagra a thabhairt. [8]

## 5. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

Scrúdaigh an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair (nótaí mínithe) a cuireadh ar fáil.

**A.** Bain úsáid as an eochair (nótaí mínithe) a tugadh agus liostaigh **TRÍ** sheirbhís atá ar fáil laistigh de limistéar faoi fhoirgnimh Bhaile Átha Fhirdhia (**N** 96 90).

[9]

**B.** Tá sé socraithe monarcha a thógáil ag **N** 958 917, in aice le crosbhóthar na mbóithre N2 agus R171.

Ag baint úsáid as eolas ón léarscáil mínigh **DHÁ** chúis faoi gur roghnaíodh an suíomh sin.

[10]

**C.** Tá níos lú tithe timpeall ar Abhainn na Níthe idir **N** 98 91 agus **O** 01 91 i gcomparáid le limistéir eile atá léirithe sa léarscáil.

Ag baint úsáid as an léarscáil mínigh **DHÁ** chúis faoi go bhfuil daonra níos lú sa limistéar sin.

[11]